oifig luachála
valuation office

Foirm R2 - Iarratas chuig an gCoimisinéir Luachála ar Athbhreithniú Luachála faoi fhorálacha Sceideal 4, mír 4B, den Acht Luachála 2001, a cuireadh isteach leis an Acht Luachála (Leasú) 2015.

Foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh a úsáidtear go heisiach i gcomhair spóirt pobail agus atá cláraithe faoin *Registration of Clubs (Ireland) Act* 1904.

Léigh an Nóta Míniúcháin ar Leathanach 3 thíos, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo.

An Mhaoin lena mbaineann an tIarratas seo				
Uimhir Mhaoine na hOifige Luachála: *				
Ainm an Chlub:				
Cláraithe faoin *Registration of Clubs (Ireland) Act* 1904?	Sea ✓		Ní hea ✗	
Seoladh mhaoin an chlub lena mbaineann an tIarratas:				
Roghnach ⇨	E I R C O D E			
* Gheofar Uimhir Mhaoine na hOifige Luachála ar Bhille Rátaí, ar Dheimhniú Luachála, trí theagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil nó trí úsáid a bhaint as an léarscáil "NAVdirect" ar láithreán gréasáin na hOifige Luachála: http://maps.valoff.ie/maps/VO.html				
Mionsonraí Teagmhála: (Mionsonraí an duine nach mór teagmháil a dhéanamh leis/léi maidir leis an Iarratas seo)				
Ainm Teagmhála:				
Post Oifigiúil sa Chlub (nó Gníomhaire, más infheidhme):				
Uimhir Theileafóin Teagmhála:				
Uimhir Fón Póca Teagmhála:				
Seoladh Ríomhphoist:				
Seoladh Teagmhála:				
Roghnach ⇨	E I R C O D E			

Ábhar Breise: Ní mór na nithe seo a leanas a chur ag gabháil le d'Iarratas:
• Grianghraif den taobh istigh, agus den taobh amuigh, den fhoirgneamh (de na foirgnimh) • Pleananna Urláir, lena n-áirítear toisí de réir scála 1:50 nó 1:100. Ní mór toisí agus úsáid gach seomra ar leith, nó gach limistéir de chuid foirgnimh, a bheith ar taispeáint ar Phleananna Urláir. Ní mór na limistéir ar ina leith a éilítear an díolúine ó rátaí a thaispeáint go soiléir ar na Pleananna Urláir. • Léarscáil de Shuíomh an Láithreáin (méid A4) ar a sainaithnítear suíomh an chlub.

Iarratas:

Déanaim iarratas leis seo chuig an gCoimisinéir Luachála ar Athbhreithniú Luachála faoi fhorálacha Sceideal 4, mír 4B, a dúradh.

Dearbhú:

Daingním go bhfuil an foirgneamh, nó an chuid d'fhoirgneamh, is ábhar don iarratas seo, i dteideal tairbhiú ó fhorálacha Sceideal 4, Mír 4B, den Acht Luachála 2001, a cuireadh isteach leis an Acht Luachála (Leasú) 2015.

Dearbhaím, de réir mar is fearr is eol dom, mar a cuireadh i bhfios dom agus mar a chreidim, go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san iarratas seo, agus sna doiciméid a thíolactar chun tacú leis, fíor agus cruinn i leith na maoine lena mbaineann an t-iarratas:

Síniú Oifigigh de chuid an Chlub*: _____Dáta:_____
(nó Gníomhaire, más infheidhme)

Arna shíniú i láthair (ainm i mbloclitreacha):_____Dáta:_____

*** Ciallaíonn Oifigeach de chuid an Chlub Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Cisteoir nó rúnaí an chlub.**

Nótaí:

- Ní mór an t-iarratas a bheith bainteach le maoin/iontráil aonair ar an Liosta Luachála.
- Ní mór gach roinn iomchuí a chomhlánú. Déanfar iarratas neamhiomlán a chur ar ais chuig an iarratasóir.
- Is ceart gach iarratas, agus na doiciméid tacaíochta go léir, a chur leis an bpost chuig an seoladh seo a leanas, nó a sheachadadh ar an seoladh sin, Iarratais Clubanna Spóirt, an Oifig Luachála, Bloc 2, Irish Life Centre, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 E9X0.
- Má tá soiléiriú uait faoi aon ghné den fhoirm seo, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár **Líne Chabhrach** trí ghlaoch a chur ar **01 8171033** idir 9.00am agus 5.00pm ó Luan go hAoine, gan laethanta saoire poiblí a áireamh nó le ríomhphost ag **valuationservices@valoff.ie**.

Nóta Míniúcháin do Chlubanna Spóirt Pobail

Tá forálacha an Achta Luachála (Leasú) 2015, a tháinig i ngníomh ar an 8 Meitheamh 2015, á gcur i bhfeidhm ag an Oifig Luachála i dtaca le Clubanna Spóirt Pobail. Leis an Acht sin, leasaítear Sceideal 4 den Acht Luachála 2001 (féach leathanach 4) agus déantar foráil leis maidir le díolúine pháirteach ó rátaí tráchtála do Chlubanna Spóirt Pobail atá cláraithe faoin *Registration of Clubs (Ireland) Act* 1904. Leanfaidh Clubanna Spóirt Pobail nach bhfuil cláraithe faoi Act 1904 agus a oibríonn ar bhonn neamhbhrabúis de bheith díolmhaithe ó rátaí agus ní gá dóibh iarratas a dhéanamh.

Faoin nua, ní bheidh Clubanna Spóirt Pobail atá cláraithe faoin *Registration of Clubs (Ireland) Act* 1904 faoi dhliteanas i leith rátaí tráchtála ar fhoirgnimh, nó ar chodanna d'fhoirgnimh, a ghineann ioncam ó rannpháirtithe i spórt pobail nó ó eagraíochtaí pobail a úsáideann an foirgneamh, nó cuid den fhoirgneamh, chun críocha pobail.

Tá foirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh a úsáidtear chun alcól nó bia a dhíol, nó i dtaca le halcól nó bia a dhíol, nó ar mhaithe, nó i dtaca, le húsáid mhiondíola nó le fruiliú brabúsmhar (seachas mar atá leagtha amach sa mhír sin roimhe seo, faoi dhliteanas i leith rátaí.

Sna míonna atá romhainn, déanfaidh an Oifig Luachála athbhreithniú ar luacháil Clubanna Spóirt Pobail a thairbhíonn ón leasú ar Sceideal 4. Mar chuid den phróiseas sin, ceanglaítear ar Chlubanna Spóirt Pobail foirm iarratais (Foirm R2) a chomhlánú agus an fhoirm sin agus na doiciméid tionlacain a liostaítear thíos a thíolacadh tráth nach déanaí ná an **15 Meán Fómhair 2015**:

- Grianghraif den taobh istigh, agus den taobh amuigh, den fhoirgneamh (de na foirgnimh)
- Pleananna Urláir, lena n-áirítear toisí de réir scála 1:50 nó 1:100. Ní mór toisí agus úsáid gach seomra ar leith, nó gach limistéir de chuid foirgnimh, a bheith ar taispeáint ar phleananna urláir. Ní mór na limistéir ar ina leith a éilítear an díolúine ó rátaí a thaispeáint go soiléir ar na pleananna urláir.
- Léarscáil de Shuíomh an Láithreáin (méid A4) ar a sainaithnítear suíomh an chlub.

Féadfaidh an Oifig Luachála, dá rogha féin, teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir chun socrú a dhéanamh maidir le hiniúchadh agus suirbhéireacht ar an maoin mar chuid den phróiseas. Forchoimeádann an Oifig Luachála an ceart chun aon fhaisnéis atá ann san fhoirm iarratais a fhíorú.

Déanfar an t-athbhreithniú ar luacháil Clubanna Spóirt Pobail faoin reachtaíocht nua a tháinig i ngniomh ar an 8 Meitheamh 2015, a chur i gcrích sa bhliain 2015

Is ceart Foirm R2 agus na doiciméid tionlacain a chur leis an bpost chuig Iarratais Clubanna Spóirt, an Oifig Luachála, Bloc 2, Irish Life Centre, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 E9X0.

Níl aon táille ann i leith an iarratais.

SLIOCHT AS

an Acht Luachála 2001, arna leasú leis an Acht Luachála (Leasú) 2015

SCEIDEAL 4

Gan an Mhaoin Iomchuí a bheith Inrátaithe

4. —Talamh atá forbartha i gcomhair spóirt.

4A. (1) Aon fhoirgneamh, nó aon chuid d'fhoirgneamh, a úsáidtear go heisiach i gcomhair spóirt pobail, agus ar mhodh seachas ar mhaithe le brabús, agus nach áitreabh club é nó í atá cláraithe de thuras na huaire faoin *Registration of Clubs (Ireland) Act* 1904.

(2) Sa mhír seo, ciallaíonn 'spórt pobail' spórt arb iad seo a leanas na príomh-rannpháirtithe ann:

(a) áitritheoirí an cheantair ina bhfuil an foirgneamh lena mbaineann (nó cuid den fhoirgneamh lena mbaineann) suite,

(b) áitritheoirí ceantar atá in aice láimhe leis an gceantar céadluaite, nó

(c) i gcás gníomhaíochtaí spóirt a bhfuil foirne páirteach iontu, agus le toiliú na ndaoine atá freagrach sa cheantar céadluaite as gníomhaíochtaí spóirt a eagrú sa cheantar sin, daoine ó aon limistéar geografach.

4B. (1) Aon fhoirgneamh, nó aon chuid d'fhoirgneamh, a úsáidtear go heisiach i gcomhair spóirt pobail, agus ar mhodh seachas ar mhaithe le brabús, agus ar áitreabh club é nó í atá cláraithe de thuras na huaire faoin *Registration of Clubs (Ireland) Act* 1904, ach gan aon fhoirgneamh, nó cuid d'fhoirgneamh, a úsáidtear mar a leanas a áireamh:

(a) ar bhonn rialta, nó ar bhonn ócáideach, chun alcól a dhíol nó a thomhailt nó i dtaca le díol nó tomhailt alcóil, nó

(b) go díreach nó go neamhdhíreach chun ioncam a ghiniúint, nach ioncam de na cineálacha seo a leanas é:

(i) ioncam ó tháillí ballraíochta,

(ii) ioncam ó eagraíochtaí pobail chun an foirgneamh, nó cuid den fhoirgneamh, a úsáid chun críocha pobail, nó

(iii) ioncam ó rannpháirtithe i spórt pobail i gcomhair úsáid an fhoirgnimh, nó cuid den fhoirgneamh, chun críocha spóirt pobail.

(2) Sa mhír seo, tá le 'spórt pobail' an bhrí chéanna atá leis i mír 4A den Sceideal seo ach fara an modhnú, i gcás fhomhír (1)(b)(iii) den mhír seo, go ndéanfar an míniú ar an abairt sin sa mhír 4A sin a léamh amhail is dá ndéanfaí 'arb iad seo a leanas na príomh-rannpháirtithe ann de ghnáth' a chur in ionad 'arb iad seo a leanas na príomh-rannpháirtithe ann—'.